# info@ncca

ag tacú le múineadh agus foghlaim



## ag féachaint ar mheasúnú

### Tá níos mó i gceist leis an measúnú ná scrúduithe...

leathanach 8

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | MEÁN FÓMHAIR 2005 | Eagrán 1

**an t-eagrán seo** / Measúnú chun Foghlama / Bunscoil / An tSraith Shinsearach / Oideachas Idirchultúrtha / Athbhreithniú ar Mhatamaitic / Ár Láithreán Gréasáin Nua **agus a thuilleadh**

NCCA

National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

# fáilte...

**...go dtí an chéad eagrán de info@ncca. Bullaitín nua do mhúinteoirí is ea é a dhíríonn ar an ngaol idir obair na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus an obair atá ar siúl i seomraí ranga agus i scoileanna. Léireofar cuid de na tionscnaimh ina bhfuil múinteoirí agus scoláirí ag baint trialach as cur chuige nua agus nuálaíoch i leith na measúnachta agus na foghlama sa bhullaitín. Soláthróidh sé eolas suas chun dáta ar an obair athbhreithnithe atá ar siúl, agus spreagfaidh sé do rannpháirtíocht i gcomhairliúcháin maidir le gnéithe difriúla de chúrsaí curaclaim agus measúnachta.**

I ré seo na foghlama ar feadh an tsaoil, níl feidhm níos mó leis na teorainneacha traidisiúnta bunscoile/iarbhunscoile agus an fhoghlaim á cur chun cinn, dea-chleachtais á bhforbairt i gcúrsaí measúnachta agus i bpleanáil churaclaim. Is é an foghlaimeoir an príomhfhócas, agus tagann an suíomh nó an institiúid sa dara háit. Tá ábhar a bhaineann le suímh bhunscoile ar fáil taobh le taobh le hábhar a shílfeá a bhainfeadh go traidisiúnta le 'cúrsaí iarbhunscoile' in info@ncca. Cur chuige nua is ea é agus ba mhór ag an bhfoireann eagarthóireachta sa CNCM do thuairimí air.


Tá bealach eile freisin inar féidir idirphlé a dhéanamh le múinteoirí agus le scoileanna - an láthreán gréasáin www.ncca.ie. Chuaigh an láithreán gréasáin seo atá athchóirithe as an nua ar líne i rith an tsamhraidh. Bhí múinteoirí agus an teagasc ar ár n-intinn againn agus é á dhearadh. Táthar ag súil gurb é seo an chéad áit a rachfar, tar éis tamaill, agus pleanáil, cuardach acmhainní agus smaointe, agus eagrú measúnachta ar bun.

Tá info@ncca saor in aisce agus tá cóipeanna breise ar fáil ó ... **www.ncca.ie**, dar ndóigh!


Anne Looney

Príomhfheidhmeannach

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

# cad atá san eagrán seo


## Nuashonraí

An luathfhoghlaim / Creat TFC / Athbhreithniú bunscoile / Faisnéis do thuismitheoirí 4

www.ncca.ie

Cuma nua do bhliain nua 5

Oideachas idirchultúrtha sa bhunscoil 6

Próifíl: Margaret Maxwell, Oifigeach Oideachais 7

Measúnú chun foghlama

Tá níos mó i gceist leis an measúnú ná scrúduithe... 8

Próifíl: Marion Lyon, Ball Comhairle CNCM 10

Múinteoirí iarbhunscoile agus curaclam na bunscoile 10

Cad a theastaíonn ó leanaí ón mbunscoil? 11

Feabhas a chur ar eispéireas na 'hArdteiste'

Tograí d'fhorbairt oideachas na sraithe sinsearaí 13

Próifíl: John Halbert, Oifigeach Oideachais 14

Rochtain ar churaclam na bunscoile 15

Teanga agus litearthacht i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán 15

Plé ar theangacha 16

Measúnacht 16

Cur chuige an 'phictiúir mhóir' maidir le hoideachas matamaitice

Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna tábhachtacha ar shlí chuimsitheach 17

Báite ag na tonnta: faoistin mhúinteora nua 18

Roinn do thuairimí linn... 18

# nuashonraí

Tuarascálacha agus tionscnaimh nua

## I dTreo Creata don Luathfhoghlaim

**Forbróidh an CNCM portráidí de shuímh Luathfhoghlama sa bhliain atá chugainn mar chuid d'fhorbairt an Chreata don Luathfhoghlaim chun tacú le foghlaim gach linbh ó bhreith go sé bliana d'aois, leanaí i ranganna na naíonán san áireamh.**

Cuirfidh na portráidí seo ar ár gcumas ábharthacht ghnéithe den Chreat do leanaí óga a scrúdú, agus iniúchadh a dhéanamh ar na bealaí is fearr inar féidir leis an gcreat tacaíocht a thabhairt do leanaí.

Chuir an cháipéis chomhairliúcháin *I dTreo Creata don Luathfhoghlaim* (2004), na príomhsmaointe atá lárnach d'fhorbairt an Chreata i láthair chomh maith le bunús don chomhairliúchán bunaidh le hearnáil na Luath-Óige.

## An Creat Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

**Táimid ag obair i gcomhar le múinteoirí faoi láthair le hábhair phleanála curaclaim, ceachtanna samplacha agus uirlisí measúnachta a fhorbairt ag baint úsáide as an gCreat TFC. Cuireann TFC ar fáil na cineálacha eispéireas foghlama (eolas, scileanna agus meon) ba cheart a bheith ar chumas gach scoláire a bhaint amach faoi dheireadh an oideachais éigeantaigh.**

Tá an Creat traschuraclaim á fhorbairt chun tacú le múinteoirí fís de leanaí mar fhoghlaimeoirí cumasacha, neamhspleácha le TFC a chruthú. Rinne an CNCM cur síos ar an bhfís seo de litearthacht TFC do gach scoláire sa phlécháipéis, *Curriculum, Assessment and ICT in an Irish Context* (2004).

## Athbhreithniú bunscoile

**Aithníodh ceithre réimse oibre tosaíochta ó thorthaí na chéad phas den athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile:**

- Measúnacht i mbunscoileanna
- Curaclam an Bhéarla
- Rannpháirtíocht tuismitheoirí i bhfoghlaim a leanaí
- Modhanna teagaisc agus foghlama.

Bhailigh an t-athbhreithniú faisnéis ó leanaí, tuismitheoirí, príomhoidí agus múinteoirí faoi na heispéiris a bhí acu leis an gcuraclam, agus foilsíodh é i mí na Bealtaine 2005.

Cuirfear achoimre ar a phríomhthorthaí chuig scoileanna i rith Meán Fómhair i dteannta *Meastóireacht ar chur i bhfeidhm an Churaclaim Bunscoile* (ROE). Gheobhaidh gach múinteoir ábhair bhreise tacaíochta do Churaclam an Bhéarla ag deireadh Meán Fómhair freisin.

## Faisnéis do thuismitheoirí

**Tá DVD á fhorbairt ag an CNCM faoi láthair, ar a dtugtar 'Foghlaim Leanaí sa Bhunscoil: Céard, Cén fáth agus Conas? - Faisnéis do Thuismitheoirí' chun cabhrú le tuismitheoirí (lena n-áirítear caomhnóirí agus cúramóirí) páirt a ghlacadh i bhfoghlaim a leanaí agus iad ag freastal ar an mbunscoil.**

Beimid ag dul i gcomhairle le tuismitheoirí ó chúlraí difriúla agus le heispéiris dhifriúla sula ndéantar an DVD agus le linn a fhorbartha, chun a chinntiú go bhfreastalóidh an fhaisnéis air ar riachtanais gach aon duine. Cuirfear tús leis an obair tháirgthe go gairid.


Is féidir féachaint ar thogra an tionscadail ar láithreán gréasáin na CNCM chun breis faisnéise a fháil air.

**Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar na tionscnaimh atá luaite anseo ach cuairt a thabhairt ar ár láithreán gréasáin www.ncca.ie**

**Seol to thuairimí ar info@ncca nó moltaí maidir le topaicí le cur san áireamh chuig newsletter@info.ie**

# www.ncca.ie

## Cuma nua do bhliain nua




**Ba shamhradh fada gnóthach é do bhaill na foirne forbartha gréasáin anseo sa CNCM ach ar a laghad tá toradh fiúntach ar ár gcuid oibre mar tá láithreán gréasáin ollnua againn ag www.ncca.ie. Tá súil againn go bhfreastalaíonn an láithreán gréasáin seo, agus an láithreán gréasáin saitilíte a ghabhann leis, 'Curaclam ar Líne', ar riachtanais mhúinteoirí, ach ba bhreá linn do thuairimí agus do mholtaí a chloisteáil. Cliceáil ar 'Teagmháil' agus nochtfar ár sonraí teagmhála.**

Dearadh **www.ncca.ie** chun feabhas a chur ar rochtain ar fhaisnéis faoi fheidhm agus nósanna imeachta na CNCM. Tugann an láithreán saitilíte, ar féidir teacht air ó aon leathanach ar **www.ncca.ie**, rochtain dhíreach ar Churaclam na Bunscoile agus ar na siollabais do na sraitheanna sóisearacha agus sinsearacha. Cuirfear le 'Curaclam ar Líne' sna míonna amach romhainn, agus nochtfar na féidearthachtaí uile a bhaineann leis sa chéad eagrán eile de info@ncca i mí na Nollag.

Is féidir foilseacháin uile na CNCM a íoslódáil ó **www.ncca.ie** trí chliceáil ar 'Foilseacháin' sa chlár ábhar. Is féidir do rogha a dhéanamh idir tuairiscí, doiciméid chomhairliúcháin, dréachtsiollabais agus treoirlínte. Roghnaigh cibé ceann atá uait, cliceáil air agus déan é a chló nó a léamh ar líne.

Is féidir mionchur síos a fháil ar thionscnaimh na CNCM i réimsí cosúil le hOideachas Luath-Óige, Oideachas Bunscoile agus Oideachas Iarbhunscoile ach 'Curaclam agus Measúnacht' a roghnú ar chlár ábhar an leathanaigh bhaile. Beidh na tionscnaimh sin uile úsáideach do mhúinteoirí. Roghnaigh an réimse a bhfuil suim agat ann agus feicfidh tú clár ábhar níos mionsonraithe de na roghanna atá ann, lena n-áirítear TFC agus Cuimsiú.

Tá an fhoireann a d'oibrigh ar an bhfoilseachán áirithe seo den tuairim gurb é an bua is mó atá ag **www.ncca.ie**, ná go dtugann sé deis duit liostáil chun leagan leictreonach de info@ncca a fháil, nó a íoslódáil, a chló agus a léamh. Cliceáil ar 'Nuacht/Preas' agus ansin ar 'Nuachtlitir' agus lean na treoracha atá ann chun gach eagrán nua a fháil ar ríomhphost de réir mar a fhoilsítear é.

Tugann an leathanach 'Nuachtlitir' an-deis duit a bheith gníomhach agus rannpháirteach. Iarrtar ar úsáideoirí ailt a scríobh, topaicí a mholadh d'eagráin atá le teacht nó scríobh chuig leathanach na litreacha ag **newsletter@ncca.ie**. Táimid ag tnúth go mór le cloisteáil uait.

(Ní raibh leagan Gaeilge de íomhánna an láithreáin ar fáil agus é seo á chló.)

# Oideachas idirchultúrtha sa bhunscoil

'Tá na deiseanna le haghaidh peirspictíocht idirchultúrtha ann inár gceachtanna i gcónaí ach ní fheicimid go héasca iad muna lorgaímid iad.' *(Múinteoir bunscoile)*




## Céard is oideachas idirchultúrtha ann?

Tá dhá mhórphointe mar chroílár ag an oideachais idirchultúrtha:

- Is oideachas é a mheasann, a cheiliúrann agus a aithníonn gnáthstaid na héagsúlachta i réimsí uile shaol an duine dhaonna. Íograíonn sé an foghlaimeoir don smaoineamh gur fhorbraigh daoine, go nádúrtha, raon bealaí éagsúla de bheatha, de nósanna agus de dhearcaidh ar an domhan, agus go saibhríonn raon leathan na beatha daonna sin sinn go léir
- Is oideachas é, a chuireann chun tosaigh comhionannas agus cearta daonna, agus a cheistíonn leithcheal míchothrom, agus a chuireann cun cinn na luachanna ar a dtógtar comhionannas.

Gan amhras, tá athruithe móra tagtha ar sheomraí ranga le deich mbliana anuas agus is é an t-athrú is suntasaí dar le roinnt daoine ná an méadú i líon na leanaí ó chultúir dhifriúla. Bhí baint ag gach duine againn le hoideachas idirchultúrtha ag leibhéal éigin agus sin in ár múinteoirí, bíodh sin ar bhealaí simplí cosúil le leanaí a spreagadh chun riachtanais daoine eile a chur san áireamh nó cothrom na Féinne a thabhairt do dhaoine eile. Tá níos mó ná sin déanta ag roinnt múinteoirí agus tá ceachtanna, acmhainní, gníomhaíochtaí agus taispeántais seomra ranga forbartha acu a chuidíonn le leanaí dearcadh dearfach a bheith acu i leith ár ndomhan ilchultúrtha.

D'fhorbair an CNCM *Oideachas Idirchultúrtha sa Bhunscoil - Treoirlínte do Scoileanna*, chun tacú le múinteoirí agus bainisteoirí scoile scoileanna agus seomraí ranga idirchultúrtha a chruthú.

Tá cultúr agus eitneachas ag gach duine againn. Cabhraíonn oideachas idirchultúrtha le leanaí luach a chur ar a gcultúr agus ar a n-eitneachas féin, agus dá réir sin forbraíonn a bhféinmheas. Tugann sé tuiscint láidir freisin dóibh ar a bhféiniúlacht agus is pointe maith tosaithe é sin chun luach a chur ar chultúir agus ar eitneachas daoine eile. Cabhraímid le gach leanbh, is cuma cén eitneachas lena mbaineann siad, na nithe seo a leanas a fhoghlaim nuair a chomhtháthaímid oideachas idirchultúrtha inár scoileanna agus inár seomraí ranga:

- meas ar an éagsúlacht agus í a cheiliúradh
- an comhionannas a chur chun cinn agus
- leicheal míchothrom a cheistiú.

## Conas is féidir liom seomra ranga idirchultúrtha a chruthú?

Tá go leor bealaí simplí inar féidir le múinteoirí suímh idirchultúrtha a dhéanamh dá seomraí ranga, ag tosú le hathruithe simplí ar an timpeallacht fhisiciúil. Seo roinnt moltaí:

- Íomhánna a chur ar na ballaí a léiríonn daoine ó chúlraí eitneacha agus cultúrtha éagsúla. Déan iarracht a chinntiú go bhfuil cothromaíocht sna híomhánna maidir le haoiseanna, inscní, aicmí sóisialta agus grúpaí cumais dhifriúla. Cuir roinnt íomhánna de Lucht Siúil na hÉireann san áireamh
- Roghnaigh íomhánna a léiríonn saol laethúil na ndaoine in Éirinn, mar shampla, ag dul ag siopadóireacht, imeachtaí spóirt, ar scoil, ar obair, ag an trá
- Seachain an iomarca íomhánna de laethanta pátrúin nó d'fhéilte ó thíortha eile nó íomhánna a léiríonn daoine i bhfeisteas náisiúnta. Daingníonn siad seo steiréiptíopanna

info@ncca

- Cuir íomhánna de phatrúin dhearfa ó na grúpaí difriúla eitneacha agus cultúrtha atá in Éirinn san áireamh, réaltaí spóirt agus popcheoil agus daoine a bhíonn ag obair i measc an phobail mar shampla
- Cuir obair ealaíne agus taispeántais chultúrtha de chuid na leanaí féin a léiríonn tionchar ó raon traidisiún cultúrtha ar taispeáint, mar shampla, patrúin cheilteacha, ealaín áiseach nó ealaín bhundúchasach
- Scríobh comharthaí agus lipéid sna teangacha éagsúla atá sa seomra ranga. Mar shampla, má tá leanaí Polainneacha, Nígéireacha agus Lucht Siúil sa seomra ranga, d'fhéadfaí comharthaí a bheith i bPolainnis, Yoruba agus Caintis, chomh maith le Béarla agus Gaeilge. Is féidir leis na leanaí féin nó a dtuismitheoirí cuidiú leis seo
- Cuir bréagáin agus ábhair eile súgartha a léiríonn an éagsúlacht san áireamh. Mar shampla, bábóga bána, dubha agus Áiseacha, leantóirí agus láithreáin stadacha éagsúla chomh maith le tithe bréagacha, agus nithe pearsanta difriúla cosúil le cíora gruaige agus scaifeanna cinn ón Afraic. Arís, d'fhéadfadh na leanaí nó a dtuismitheoirí cabhair a thabhairt.

## Scéalta a úsáid chun scileanna agus dearcadh idirchultúrtha a iniúchadh

Mar a léiríonn na treoirlínte, tá neart scéalta suimiúla a bhfuil leanaí eolach orthu cheana féin ar féidir úsáid a bhaint astu chun a ndearcadh i leith leathtaobhachais, steiréiptíopanna, comhionannais agus idirdhealaithe a fhiosrú. Tugann finscéalta cosúil leis *Na Trí Muca Beaga Cochaillín Dearg* agus *Na Trí Ghabhar Cliste* rogha éagsúil má insítear leagan an mhic tíre de na scéalta.

Sampla eile is ea scéal an phearsa staire Pocahontas, atá inste ar go leor bealaí difriúla. Aithneoidh formhór na leanaí Pocahontas agus soláthraíonn an scannán den ainm chéanna agus an t-amhrán *Colours of the Wind* deiseanna chun steiréiptíopanna agus leathtaobhachas a iniúchadh. Tugann na leaganacha difriúla a insítear den scéal céanna deiseanna gníomhaíocht an-spéisiúil ranga a eagrú inar féidir féachaint ar an tslí inar féidir le húdar peirspictíocht a chruthú a bhíonn bunaithe ar a leathtaobhachas féin.

Níl anseo ach roinnt bheag de na smaointe atá sna treoirlínte. Tá smaointe úsáideacha iontu ar chur chuige scoile uile i leith an idirchultúrachais. Seoladh cóipeanna de na treoirlínte chuig gach bunscoil agus tá fáil orthu ónár láithreán gréasáin ag **www.ncca.ie/foilseacháin.** Tá treoirlínte á n-ullmhú faoi láthair do na hiarbhunscoileanna.

ár láithreán gréasáin nua - leathanach 5



## Próifíl: Margaret Maxwell, Oifigeach Oideachais.

**Nuair a thosaigh Margaret Maxwell ag obair leis an CNCM i mí Feabhra na bliana seo, thug sí aer úr Chill Chainnigh léi, chomh maith le héirim aigne agus pearsantacht chairdiúil. Rugadh agus tógadh i gContae Luimnigh í, ach tá cónaí uirthi i gCill Chainnigh anois áit a raibh sí ag múineadh i Scoil Náisiúnta Naomh Mícheál i nGabhalmhaigh agus is as sin atá sí ar iasacht ag an CNCM.**

Cé gur múinteoirí iad máthair agus deirfiúr Margaret, ní raibh fonn uirthi iad a leanúint agus í óg. Ba i ndiaidh di staidéar a dhéanamh ar an bhFraincis agus ar an nGaeilge i gColáiste na Tríonóide a múscalíodh a spéis sa múinteoireacht. 'Chuaigh mé go dtí an Spáinn chun Béarla a theagasc mar theanga iasachta agus is as sin a d'fhorbair an tsuim. Mhúin mé aois ghrúpaí éagsúla, leanaí óga ina measc'.

Shocraigh sí, mar sin, an Dioplóma Iarchéime san Oideachas Bunscoile a dhéanamh i gColáiste Naomh Pádraig. Ansin, fuair sí post i Scoil na gCailíní Naíonán Naomh Lorcán Ó Tuathail i bPlás Seville, Baile Átha Cliath. Dúirt sí gur cuireadh tús iontach lena saol mar mhúinteoir ansin toisc go bhfuair sí tacaíocht ó phríomhoide, ó fhoireann agus ó phobal scoile 'dinimiciúil'. Thug Margaret an M. Ed. chun críche le linn na tréimhse sin agus rinne sí teagmháil leis an CNCM den chéad uair nuair a bhí taighde á dhéanamh aici dá tráchtas ar oideachas idirchultúrtha sa bhunscoil.

Bhí ionadh an domhain ar Margaret faoi leibhéal ard gníomhaíochta na heagraíochta. Ba chúis ionaidh é leibhéal an chomhairliúcháin agus nádúr ionadaíochta na CNCM freisin. Toisc gur múinteoirí iad na hOifigigh Oideachais uile, agus toisc go ndéantar ionadaíocht ar mhúinteoirí ar an gComhairle agus ar na coistí stiúrtha, cinntítear go gcuirtear dearcadh an mhúinteora sa seomra ranga san áireamh, chomh maith le dearcaí eile, ag gach céim de gach tionscnamh. Tá Margaret an-sásta leis sin.

Tá a lán freagrachtaí ag Margaret san eagraíocht: 'Tá roinnt réimsí oibre agam agus mar sin bíonn éagsúlacht agus dúshláin iontacha ann i gcónaí. Táim ag obair ar thionscnamh na dtuismitheoirí agus tá DVD á tháirgeadh againn ar a dtugtar 'Foghlaim Leanaí sa Bhunscoil: Céard, Cén fáth agus Conas? - Faisnéis do Thuismitheoirí'. Ina theannta sin, d'fhorbraíomar ábhair thacaíochta bhreise don Bhéarla atá ar a slí chuig múinteoirí i láthair na huaire.

Tá baint agam le forbairt creat curaclaim do na blianta luath-óige ó 0-6 freisin. Táim ar bís maidir leis an gcéad chéim eile nuair a dhéanfaimid iarracht portráidí de shuímh luath-óige a fhorbairt. Táimid ag iarraidh glór agus eispéireas an linbh a thabhairt linn agus a chur san áireamh sa chreat. Is dúshlán mór é sin gan amhras toisc raon na n-aoiseanna atá i gceist! Táim ar bhord eagarthóireachta na hirise seo freisin agus táim ar an bhfoireann deartha do Dhrámaíocht CTCB - is deas an rud é a bheith páirteach i bhforbairt ghairmiúil múinteoirí.'

# Measúnú chun foghlama

## Tá níos mó i gceist leis an measúnú ná scrúduithe...

**Cé go bhfuil an measúnú an-lárnach don mhúinteoireacht, is minic nach n-aithnímid a thábhachtaí agus atá sé. Mar thoradh air seo samhlaímid é i dtéarmaí scrúdaithe foirmiúla agus trialacha amháin. Le bheith fírinneach, caithimid go leor dár gcuid ama ar an gcineál measúnachta a chabhraíonn lenár scoláirí chun rudaí a thuiscint níos soiléire, chun a bheith níos tiomanta agus eagraithe ina gcuid oibre agus chun a bheith ina bhfoghlaimeoirí maithe.**

**Is codanna tábhachtacha den *Mheasúnú chun Foghlama* (McF), iad na gníomhaíochtaí seo. Cuireann tionscnamh McF na CNCM, comhairle phraiticiúil agus tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí sa chuid thábhachtach seo dá múinteoireacht. Tá múinteoirí i gCorcaigh agus i Sligeach páirteach sa tionscnamh seo le dhá bhliain anuas.**

### Cén fáth a bhfuil McF tábhachtach?

Is éard atá i gceist le measúnacht ná gnóthachtáil an fhoghlaimeora a thomhas agus de ghnáth, tugtar aiseolas mar chuid den phróiseas. Cuirtear an t-aiseolas ar fáil de ghnáth i dtéarmaí scrúdaithe, i bhfoirm mharcanna agus ghráid. Ach cad a bhíonn le foghlaim ag an bhfoghlaimeoir as sin?

Samhlaigh go bhfuil ceacht tiomána á dhéanamh agat (nó go bhfuil tú ag fáil comhairle chun puzal SU DOKU a dhéanamh), agus nach féidir le do theagascóir ach comhairle a thabhairt duit i bhfoirm ghráid agus mharcanna. Ag deireadh an chéad seisiúin faigheann tú an t-aiseolas - Ag tosú agus ag stopadh 46%, Comharthaíocht 28%, Feasacht ar úsáideoirí eile bóthair 17%, Úsáid an choscáin láimhe 83%, agus mar sin de. Cad a d'fhoghlaimeofá mar gheall ar do chumas tiomána ón gcineál seo aiseolais? 'Is cosúil nach raibh mé rómhaith, seachas in úsáid an choscáin láimhe'. 'Cad a bhí chomh hainnis sin le mo fheasacht ar úsáideoirí eile bóthair?' Bfhéidir go mba cheart dom cloí leis an gcóras taistil poiblí nó leis na puzail SU DOKU sin.'

Bíonn gá ag an bhfoghlaimeoir le treoir shoiléir ar roinnt rudaí in aon suíomh foghlama:

- Cad atá á fhoghlaim agam nó cad atá mé ag iarraidh a fhoghlaim? **(Rún Foghlama)**
- Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil éirithe liom? **(Critéir um Rathúlacht)**
- Conas is féidir liom méid an dul chun cinn atá déanta agam a mheas agus a thuilleadh dul chun cinn a dhéanamh chun an sprioc foghlama a bhaint amach? **(Aiseolas atá nasctha leis an Rún Foghlama agus leis an gCritéir um Rathúlacht).**

Tá McF tábhachtach toisc go mbaineann sé úsáid as na heilimintí seo chun tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim. Is cuid dhílis é den timthriall múinteoireachta agus foghlama.



GORDON IS GRADED ON A CURVE

### Bain triail as McF

Sa chéad chéim den McF, déanann múinteoirí athruithe beaga, ach suntasacha, ina ngnáthchleachtas múinteoireachta. Is iad na hathruithe atá luaite thuas na hathruithe is tábhachtaí agus is féidir iad a triail le rang ghrúpa nó le hábhar ar bith.

Níl le déanamh ach an treoir seo a leanúint, céim ar chéim:

1. Roghnaigh aon topaic nó roinn den chúrsa atá á mhúineadh agat, nó ceacht an lae.

2. Socraigh ar an bpríomhsmaoineamh nó ar na príomhsmaointe den topaic nó den cheacht...an rud is tábhachtaí a theastaíonn uait a fhoghlaimeoidh na scoláirí. Is é seo an **Rún Foghlama** (coimeád simplí go leor é ag an tús).

3. Inis an rún foghlama do na scoláirí ag tús an cheachta. Úsáid teanga a thuigfidh siad agus mínigh go soiléir é. Is féidir tabhairt faoi seo ar chúpla bealach - é a rá díreach amach 'Is é...rún foghlama an lae inniu, nó go hindíreach, 'Is éard a bheidh á fhoghlaim againn inniu ná...'.

4. Tabhair deis do na scoláirí **an rún foghlama a athrá ina bhfocail féin**. D'fhéadfá a iarraidh orthu é a phlé nó é a scríobh síos go hachomair. Ná caith an iomarca ama air seo.

5. **Roinn na critéir um rathúlacht** leo anois. B'fhéidir go dtaibhseodh sé seo beagán aisteach ar dtús ach is rud é a dhéanann gach múinteoir trí shamplaí de dhea-obair a thaispeáint do na scoláirí nó a rá leo cad é an cuspóir ba chóir dóibh a bheith acu agus iad ag obair ina n-aonar ar cheacht obair bhaile mar shampla. Arís, is féidir é seo a dhéanamh ar mhórán bealaí ach is é **roinnt** na gcritéar atá tábhachtach. Tá sé tábhachtach go mbeidh a fhios ag na scoláirí cad iad na spriocanna foghlama a bhí acu nuair a bheidh **aiseolas** á thabhairt dóibh ar a gcuid oibre. Seo léiriú simplí:

- **Rún Foghlama** - conas léaráid mhaith lipéadaithe a tharraingt
- **Critéir um rathúlacht** - tá na heilimintí éagsúla san ord ceart, tá na lipéid soiléir, tá na téarmaí teicniúla ceart

6. Lean ar aghaidh leis an gcuid eile den cheacht nuair a bheidh an chéad dá chéim déanta. Nuair a bheidh aiseolas le tabhairt agat ar cheacht ranga nó ar obair bhaile na scoláirí (ar bhonn aonair nó mar ghrúpa, aiseolas ó bhéal nó scríofa), déan deimhin de go rachaidh tú siar go tapa ar na critéir um rathúlacht agus go ndéanfaidh tú **tagairt de na critéir a roinneadh agus an t-aiseolas á thabhairt.** Tá sé tábhachtach cloí leis na critéir a roinneadh.

7. Lean an pátrún seo nuair atá aiseolas sa bhreis á thabhairt, go háirithe aiseolas scríofa. Taispeáin:

- cad a bhí ceart ag an scoláire
- cad a bhí mícheart ag an scoláire
- cad a chaithfidh an scoláire a fheabhsú chun dul níos cóngaraí don rún foghlama.

8. Tugann an cineál seo aiseolais an-tacaíocht don fhoghlaim agus tá sé i bhfad níos luachmhaire ná marcanna nó gráid a thabhairt ar obair.

## Cad iad na buntáistí?

Ó thaobh na scoláirí de, is é an buntáiste is mó a bhaineann leis an gcur chuige seo ná an tsoiléireacht bhreise a thugann sé don mhúinteoireacht agus don fhoghlaim. Déanann an t-aiseolas a fhaigheann na scoláirí i bhfad níos mó céille dóibh mar go dtuigeann siad na critéir a d'úsáid an múinteoir agus an obair á mheas.

I dtaighde a rinne an Institiúd um Thaighde Eacnamaíoch agus Sóisialta le déanaí don CNCM, bhí scoláirí go láidir den tuairim gurbh iad na múinteoirí 'a mhínigh rudaí go soiléir' na múinteoirí ab fhearr. Bíonn an mhúinteoireacht agus an fhoghlaim níos soiléire mar thoradh ar McF agus méadaíonn inspreagadh na scoláirí nuair a bhíonn tuiscint acu ar na spriocanna a bhíonn le baint amach acu.

Aontaíonn gach múinteoir atá páirteach i dtionscnamh na CNCM go bhfeabhsaíonn McF an gaol idir an scoláire agus an múinteoir agus go gcuireann sé le hinspreagadh an fhoghlaimeora. Is é an t-ardú 12% a thagann ar na gráid a bhaineann foghlaimeoirí amach i scrúduithe an buntáiste is mó a bhaineann le McF de réir staidéir idirnáisiúnta. Áirítear go bhfuil sé seo fíor go háirithe i gcás foghlaimeoirí nach mbeadh aon luí rómhór acu leis a bhfoghlaim.

## An é sin an méid atá ann?

Ní hé. Is iad an rún foghlama, roinnt na gcritéar um rathúlacht, agus nascadh an aiseolais leis na critéir croílár McF, ach ní hé seo an t-aon chur chuige amháin a mholtar a úsáid. Bhain na múinteoirí atá páirteach i dtionscnamh na CNCM triail as an iomaí cur chuige lena n-áirítear:

- marcáil tuairime amháin
- múinteoirí ag smaoineamh ar an úsáid a bhaineann siad féin (agus a scoláirí) as ceisteanna
- féinmheasúnú
- piarmheasúnú
- cuntais fhoghlama agus bealaí eile a úsáid chun scoláirí a spreagadh chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfoghlaim féin
- úsáid a bhaint as McF sa tuairisciú do thuismitheoirí
- eiseamláirí den chaighdeán a úsáid chun cur le foghlaim na scoláirí.

## Conas is féidir liom níos mó eolais a fháil?

- Féach ar ár láithreán gréasáin **www.ncca.ie**, áit a mbeidh nasc leis na leathanaigh 'Measúnú chun Foghlama'.
- Téigh i dteagmháil le ball den fhoireann McF

  Hal O'Neill **hal.oneill@ncca.ie**

  Peter Johnson **peter.johnson@ncca.ie**

  John Halbert **john.halbert@ncca.ie**



## Próifíl: Marion Lyon, Ball Comhairle CNCM

**Baile**
Táimid inár gcónaí i bparóiste Achadh an Iúir, Co. an Chabháin, ón mbliain 1981 (tá cónaí orainn sa teach inar rugadh m'athair).

**Teaghlach**
Bhuail mé le m'fhear céile Meirceánach agus mé i mo chónaí sa Spáinn agus bhogamar go dtí Meiriceá sa bhliain 1975 i ndiaidh dúinn pósadh. Rugadh Shannon, an chéad leanbh againn, i North Carolina agus chuireamar fúinn níos déanaí i nGaineamhlach Mojave ar imeall Pháirc Náisiúnta an Joshua Tree in California. Rugadh Karen agus Craig, na leanaí is óige againn, sa Chabhán agus cé gur thóg sé roinnt mhaith ama dul i dtaithí ar bheith i mo chónaí faoin tuath in Éirinn i ndiaidh dom bheith i mo chónaí i mBaile Átha Cliath agus i Meiriceá, níl sé de rún agam cónaí in aon áit eile.

**Inspreagadh**
Chreid mé i gcónaí go bhfuil sé de dhualgas ar thuismitheoirí páirt chomh gníomhach agus is féidir leo a ghlacadh in oideachas a linbh. Tá an t-ádh orm go raibh mé in ann obair a dhéanamh, le tacaíocht m'fhir chéile, chun a thuilleadh rannpháirtíochta ó ghuth na dtuismitheoirí a chur chun cinn i gcóras oideachais na hÉireann.

**Cúlra**
Is bratchomhlacht í Comhairle Náisiúnta na dTusmitheoirí - Brainse Iarbhunscoile (CNT-BI) le haghaidh ceithre comheagraíocht tuismitheora ag leibhéal na hiarbhunscoile. Ba bhall de Cumann na dTuismitheoirí um Ghairmoideachas (CTG) mé ón mbliain 1995 go dtí 2004. Cheap CTG mé chun Bhord Stiúrthóirí an CNT-BI in 2002. Nuair a bhí mo thréimhse mar stiúrthóir suas in 2004, cheap an CNT-BI mé mar Oifigeach Curaclaim na CNCM.

**CNCM**
Ainmníodh mé mar bhall Comhairle chun ionadaíocht a dhéanamh thar cheann tuismitheoirí daltaí iarbhunscoile sa bhliain 2003. Bhí taithí bainte amach agam mar bhall de na coistí curaclaim don Chorpoideachas agus don Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS) um oideachas bunscoile go luath sna nóchaidí ar fhorbairt churaclaim agus na measúnachta. I láthair na huaire déanaim ionadaíocht thar cheann tuismitheoirí iarbhunscoile ar go leor coistí, lena n-áirítear: An tSraith Shóisearach, an tSraith Shinsearach, Treoir agus Oideachas Idirchultúrtha.

**Comhairle**
Is í an fheidhm atá agam mar bhall Comhairle ná a dheimhniú go bhfreastalaítear go leordóthanach ar riachtanais ár bhfoghlaimeoirí go léir ag an leibhéal luathfhoghlama, leibhéal bunscoile agus leibhéal iarbhunscoile agus na moltaí a chuireann an CNCM chuig an Aire Oideachais agus Eolaíochta á bhforbairt. Tá sé de dhualgas orm a chinntiú go gcloisfear guth na dtuismitheoirí iarbhunscoile agus go n-oibreoidh an CNCM ar níos mó eolais a chur ar fáil do thuismitheoirí ar gach gné a bhaineann le saol scoile a linbh.

**Saincheisteanna**
Is é an cuimsiú an cheist is mó a gcaithfidh an t-oideachas iarbhunscoile aghaidh a thabhairt air. Níl ár gcóras oideachais iarbhunscoile ag freastal ar riachtanais dhá chúigiú dár bhfoghlaimeoirí. Ní mór dúinn gníomhú gan mhoill agus cláir oideachais a fhorbairt a fhreastalóidh go leordhóthanach ar ár bhfoghlaimeoirí go léir.

**Dóchas don todhchaí**
Go gcuirfear i bhfeidhm an chomhairle a seoladh chuig an Aire Oideachais agus Eolaíochta, *Proposals for the Development of Senior Cycle*, ina iomláine agus nach amhlaidh a roghnófar na codanna is saoire agus is fusa a thabhairt isteach. Córas oideachais d'ardcháilíocht atá uainn, ina mbeidh ardchaighdeán le sonrú ar rannpháirtíocht ár bhfoghlaimeoirí go léir.

# Múinteoirí iarbhunscoile: an t-eolas uile a bhí uait ar Churaclam na Bunscoile

**"Céard go díreach a fhoghlaimíonn leanaí ag an mBunscoil?" Is minic a chloistear an cheist seo i seomraí foirne iarbhunscoile i rith Meán Fómhair agus ina dhiaidh. Is féidir freagra na ceiste sin a fháil anois ach cuardach tapa a dhéanamh ar www.ncca.ie. Gheobhaidh tú nasc lenár láithreán gréasáin 'Curaclam ar Líne' ansin. Roghnaigh 'Curaclam na Bunscoile' ón roghchlár anuas agus gheobhaidh tú ann:**

- Réamhrá ar Churaclam na Bunscoile a dhéanann cur síos ar a phrionsabail agus ar a aidhmeanna agus a thugann léargas ar na réimsí curaclaim agus na hábhair a ndéantar staidéar orthu
- Doiciméid churaclaim a thabharfaidh deis duit scrúdú níos doimhne a dhéanamh ar gach ábhar a chlúdaítear i gCuraclam na Bunscoile. Tugann gach doiciméad curaclaim mionchur síos ar ábhar an churaclaim ag na ceithre leibhéal sa bhunscoil
- Tabharfaidh na treoirlínte do mhúinteoirí a bhaineann le gach ábhar faisnéis duit faoin gcur chuige agus faoin mhodheolaíocht a úsáidtear, eiseamláirí de cheachtanna samplacha san ábhar ag gach leibhéal ranga agus faisnéis faoi mheasúnú an ábhair.

info@ncca

# Cad a theastaíonn ó leanaí ón mbunscoil?



**In athbhreithniú na CNCM ar Churaclam na Bunscoile, d'fhiafraíomar de ghrúpaí leanaí i sé scoil chás-staidéir cad é an rud ba mhó agus ba lú a thaitin leo faoin scoil, agus cad a d'athróidís faoin scoil dá mbeadh an deis acu.**

Thug freagraí leanaí ó na naíonáin mhóra go dtí rang a sé le fios go raibh siad ag iarraidh a thuilleadh díobh seo:

- foghlaim chomhoibríoch
- foghlaim ghníomhach
- foghlaim neamhspleách
- foghlaim dhílis

Seo cuntas ar an mionchur síos a rinne siad ar a saol scoile agus achoimre ar a raibh le rá acu faoi na rudaí a thaitin leo faoin bhfoghlaim sa bhunscoil.

## Foghlaim chomhoibríoch

Shín a dtaithí ar obair ghrúpa ó ghrúpaí a úsáid chun deascanna agus pátrúin suíochán a eagrú go grúpaí a úsáid don fhoghlaim i gcomhar. Ba í an fhoghlaim i gcomhar ba mhó a thaitin leo.

Mhínigh leanaí ó rang a ceathair gur úsáid a múinteoir obair ghrúpa chun acmhainní amharcealaíona a chaomhnú: 'Nuair a chuireann sí i ngrúpaí muid sa cheacht ealaíne, ní theastaíonn uaithi go n-úsáidfimid an phéint go léir.' D'inis leanaí ó rang a dó dúinn go n-úsáidtear grúpaí chun ionaid ghníomhaíochta éagsúla a eagrú i seomra ranga amháin: 'Uaireanta déanaimid suimeanna agus déanann daoine eile rudaí a mheá agus ansin malartaímid.'

Úsáideadh an obair ghrúpa i gcásanna eile chun piarmhúinteoireachta: 'Má bhíonn tú i sáinn, ní gá ach ceist a chur ar an múinteoir sa ghrúpa gorm.' D'úsáid a múinteoirí grúpaí chun go gcomhoibreodh siad ar thionscnaimh freisin: 'Inár ngrúpa...bheadh duine againn ag cuardach eolais ar an Idirlíon agus bheadh an duine eile ag lorg pictiúir...'

D'inis leanaí dúinn gur mhaith leo deiseanna a bheith acu foghlaim lena chéile agus óna chéile mar, 'nuair a chabhraíonn tú le duine...cabhróidh siadsan leat.' Leag leanbh ó rang a ceathair béim ar an mbuntáiste a bhaineann le hobair i gcomhar: 'Is fearr liom a bheith ag obair le daoine eile ná i m'aonar mar nuair a chuirtear dhá aigne ag obair le chéile smaoinítear ar a thuilleadh stuif cliste agus rudaí mar sin.'

Beirt a léirigh roinnt míshástachta le hobair ghrúpa. Mhínigh leanbh amháin nach raibh sé éasca i gcónaí smaointe a roinnt, agus mhínigh leanbh eile go raibh an comhoibriú deacair nuair a bhí freagacht aonair de dhíth: 'Bhí beirt ag obair go han-dian agus níor tugadh dóibh é [an tionscnamh] le tabhairt abhaile. Ba don duine ba lú a rinne obair air a tugadh é le tabhairt abhaile.'

## Foghlaim ghníomhach

Is iad seo na cineálacha éagsúla foghlama gníomhaí a thaitin leo: gníomhaíochtaí praiticiúla, gníomhaíocht fhisiciúil, súgradh agus cluichí.

Bhí siad an-díograiseach maidir le húsáid ábhair choincréideacha sa cheacht matamaitice. (In athbhreithniú na CNCM ar Churaclam na Bunscoile, dúirt 58% de mhúinteoirí gur éirigh níos fearr leo leis an 'obair phraiticiúil' ná le haon ní eile sa Churaclam Matamaitice.) Nuair a fiafraíodh díobh cad a d'athródh siad faoin scoil, mhínigh siad gur mhaith leo níos mó den fhoghlaim phraiticiúil: 'Bhí orainn cuileoga a thabhairt isteach don rang eolaíochta agus d'fhéachamar orthu faoin micreascóp. Chinnteoimis go mbeadh sé sin mar chuid...dár scoil nua.'

Dúirt leanaí ó rang a cúig go gcuirfidís níos mó gníomhaíochtaí fisiciúla san áireamh dá ndearfaidís scoil nua: 'ní cluichí amháin, ach níos mó cleachtaí a bhainfeadh le haclaíocht agus sláinte.' Chuir leanbh i scoil eile leis sin: '[Ba mhaith liom] dá mbeadh níos mó snámha ann toisc nach ndéanaimid ach ceithre huaire [sa bhliain] é.'

Thaitin an fhoghlaim trí shúgradh leo. Chuir leanaí sna naíonáin mhóra in iúl gur mhothaigh siad an súgradh uathu go mór ina rang nua: 'An t-aon rud

↗

nach dtaitníonn liom ná nuair nach féidir liom súgradh leis na bréagáin.' Labhair leanaí i rang a ceathair agus i rang a cúig go fuinniúil faoi níos mó 'cluichí cláir, cluichí boird agus cluichí ríomhaire' a bheith acu don fhoghlaim ar scoil.

Cé nach aon ábhar iontais é go léiríonn na torthaí go dteastaíonn níos mó súgartha ó leanaí mar chuid dá gcuid foghlama, b'fhéidir gur ábhar iontais é a gcur síos ar cad é súgradh *maith* nó *fiúntach*. Dá réir, cuireann an fhoghlaim trí shúgradh deiseanna ar fáil chun:

- **taithí a fháil**
- **múnlú**
- **spreagadh**
- **tástáil a dhéanamh**
- **hipitéis a dhéanamh**
- **samhlú**
- **go n-éireoidh leo.**

Agus bheimis ag súil gurb é seo a bheadh ar siúl ag ár leanaí ar scoil!

## Foghlaim neamhspleách

Dúirt leanaí i ngach ceann de na scoileanna gur mhaith leo smacht a bheith acu ar a bhfoghlaim féin trí roghanna a dhéanamh maidir leis an ábhar, na uirlisí agus na gníomhaíochtaí a d'úsáid siad san fhoghlaim.

Mhínigh siad go raibh sé an-tábhachtach a bheith ábalta do mheáin agus d'ábhar féin a roghnú do na hamharcealaíona. Thaitin tionscnaimh leo toisc go dtugann siad deiseanna dóibh topaicí a roghnú: 'Tá tionscnaimh go maith mar bíonn rogha agat agus is maith linn ár rudaí féin a roghnú.' Dúirt leanaí ó rang a ceathair go roghnaíonn siad topaicí tionscnaimh an-difriúil ar fad nuair a bhíonn rogha acu: 'Roghnaíomar tionscnaimh a dhéanamh ar dhaoine éagsúla agus roghnaigh daoine amhránaithe, ealaíontóirí, tréidlianna...'

Dúirt leanaí gur chuir easpa rogha isteach ar an taitneamh a bhain siad as an bhfoghlaim. Bhí tionchar ag an méid smachta a tugadh dóibh as a gcuid foghlama ar a ndearacadh i leith ábhair. Dá mhéad smachta a tugadh dóibh is ea ba mhó a thaitin na hábhair sin leo. Mar shampla, luaigh leanaí nár thaispeáin mórán dúthrachta don Ghaeilge an leadrán a bhaineann leis an méid obair scríofa a leagtar síos dóibh gach lá.

Tugann TFC deiseanna do leanaí ábhar, luas agus modhanna foghlama a roghnú agus cé gur labhair siad go dearfach faoin rogha agus smacht a thugann sé dóibh, dúirt siad gur beag úsáide a baineadh as.

## Foghlaim dhílis

D'inis leanaí dúinn gur mhaith leo go mbeadh níos mó béime ar an bhfíorshaol san fhoghlaim chun iad a ullmhú don saol lasmuigh den scoil.

Dúirt siad go mba mhaith leo go n-úsáidfí gnáthábhair fhoghlama ar nós nuachtáin, irisleabhair, póstaeir agus an t-úrscéal sa cheacht Béarla. I gcás na matamaitice arís, bhain siad taitneamh as acmhainní matamaitice agus comhthéacsanna fíorshaoil a úsáid le haghaidh na foghlama: Bhain siad taitneamh as 'fadhbanna suimiúla, nach bhfuil cosúil leis na cinn a thugtar nuair a imíonn sé leis chuig an siopa agus a bhíonn ort a léamh ón leabhar agus a dhéanamh i d'aonar.'

“

Agallóir:
*An ndearna tú aon fhadhbanna a bhí an-suimiúil, nuair a bhí ort a oibriú amach cad a bhí ar siúl?*

Leanbh 1:
*Lá amháin, thug ár múinteoir an cluiche seo anonn agus bhí ort a fháil amach cé mhéad uair a chaithfeá na díslí agus cé mhéad uair a thiocfadh an uimhir sin aníos arís. Bhíomar chun féachaint ar uimhir a sé chun a fheiceáil cé mhéad uair a thiocfadh sé aníos arís.*

Leanbh 2:
*Ach uimhir a cúig a tháinig aníos an t-am ar fad! Níl ann ar fad ach seans, chun a fheiceáil cé mhéad uair a tharlódh sé má bhíonn seans amháin as sé seans agat. Ba doch, dochúl...*

Leanbh 1:
*Dóch-úl-acht! Ar nós na dóchúlachta go mbuafá an lotto!*

Leanbh 2:
*Ní cheapfainn é! Ní rabhamar in ann uimhir a sé a fháil fiú, agus bhí sé uimhir againn agus go leor deiseanna.*

”

Ba mhór an chontrárthacht a bhí idir dúthracht na leanaí maidir leis an bhfoghlaim a léiríonn an fíorshaol agus an fhoghlaim ó théacsleabhair. Mhínigh siad nár oir na téacsleabhair don saol lasmuigh den seomra ranga i gcónaí. Mar a dúirt leanbh i rang a cúig: 'Ba mhaith liom níos mó ceisteanna a chur faoina bhfuil ag tarlú ar domhan...ní raibh an oiread sin oibre iontu [téacsleabhair].' Mhol siad tionscnaimh in áit téacsleabhair toisc go soláthraíonn siad deiseanna taitneamhacha chun 'rudaí a fhoghlaim faoi ghnáthdhaoine, ainmhithe agus nithe eile.'

De réir mar a chuaigh na hagallaimh ar aghaidh, ba léir dúinn an tairbhe a bhain le dul chun cainte leis na leanaí mar chuid den phróiseas athbhreithnithe. Tá an CNCM chun an cur chuige seo a fhorbairt le húsáid san obair sa todhchaí.

Is féidir breis eolais a fháil faoin athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile agus coimeád suas le forbairtí sa todhchaí trínár láithreán gréasáin.

**Oibríonn leanaí i gcomhar chun sprioc chomónta a bhaint amach**

**Bíonn na leanaí gníomhach sa phróiseas foghlama**

**Bíonn roinnt smachta ag leanaí ar a gcuid foghlama**

**Faigheann leanaí taithí ar fhoghlaim a oireann don fhíorshaol**



# Feabhas a chur ar eispéireas na 'hArdteiste'

**Tograí d'fhorbairt oideachas na sraithe sinsearaí**

**Tá athbhreithniú déanta ag an CNCM ar oideachas na sraithe sinsearaí le dhá bhliain anuas agus chaitheamar go leor den am ag bailiú dhearcadh dhaoine a bhfuil leas acu san oideachas - scoláirí, tuismitheoirí, múinteoirí, príomhoidí, eagraíochtaí oideachais, coláistí oideachais agus eile.**

## Cé chomh difriúil is a bheadh sraith sinsearach nua?

Tar éis an chomhairliúchán, d'ullmhaigh an CNCM *Proposals for the Future of Senior Cycle Education in Ireland* agus cuireadh faoi bhráid an Aire Oideachais agus Eolaíochta iad in Aibreán 2005. Mar gheall ar ardmheas an phobail ar go leor gnéithe den Ardteistiméireacht, rinneamar cinnte agus na moltaí sin á n-ullmhú againn gur choimeádamar gnéithe maithe na sraithe sinsearaí, mar shampla an réimse leathan ábhar, na gnéithe is fearr d'eispéireas na hidirbhliana agus na nascmhodúil CGAT. In áit gach a bhfuil ann faoi láthair a chaitheamh amach agus tosú arís as an nua, is éard atá i gceist ná go gcuirfí leis na gnéithe is fearr den mhéid atá againn cheana féin chun feabhas a chur ar eispéireas ár scoláirí uile sa tsraith shinsearach.

Aithnímid go n-oireann an Ardteistiméireacht do roinnt scoláirí, ach is féidir feabhas a chur uirthi chun go bhfreastalóidh sí ar riachtanais dhifriúla na gcineálacha éagsúla scoláirí a bhíonn i scoileanna sa lá atá inniu ann. Faoi láthair, fágann 20% de scoláirí an scoil roimh dheireadh na sraithe sinsearaí agus ní éiríonn go maith le 20% eile sna scrúduithe. Tá daonra na scoláirí ag éirí níos leithne agus níos éagsúlaí i gcónaí agus áirítear air daoine faoi mhíbhuntáiste oideachasúil agus scoláirí le riachtanais oideachais speisialta. Mar sin, dearadh na tograí d'fhorbairt oideachas na sraithe sinsearaí sa todhchaí chun líon níos mó scoláirí a spreagadh le fanacht ar scoil ar feadh tréimhse níos faide agus chun go mbeadh an scoil ag leibhéal na sraithe sinsearaí níos suimiúla agus níos fearr do gach scoláire.

Ina freagra, thug an tAire tacaíocht don chomhairle mar bhunchloch le húsáid chun bogadh ar aghaidh le hathbhreithniú na sraithe, athbhreithniú a thabharfadh tosaíocht níos fearr don chuimsiú agus don chomhionannas agus a chuirfeadh le buanna na sraithe sinsearaí. Tá plean oibre á ullmhú ag an CNCM faoi láthair chun forbairt bhreise a dhéanamh ar chomhpháirteanna éagsúla na comhairle, ag tosú le hathbhreithniú ar ábhair agus a measúnacht, na príomhscileanna, agus forbairt ar aonaid idirthréimhseacha agus cúrsaí gearra.

## Céard a bheadh nua sa tsraith shinsearach seo?

**Ábhair**
Moltar go roghnódh scoláirí réimse leathan ábhar mar a dhéantar faoi láthair. Laghdófar, mar sin féin, méid an ábhair a bheadh le clúdach i gcás gach ábhar chun níos mó ama a thabhairt do scoláirí tuiscint níos doimhne a fháil ar choincheapa agus ar thopaicí agus chun deis a thabhairt dóibh scileanna a fhorbairt. Bheadh dhá ócáid mheasúnachta i gceist i gcás na n-ábhar. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh scrúdú scríofa le déanamh agus ansin tionscnamh nó scrúdú praiticiúil nó b'fhéidir go mbeadh dhá chineál scrúdaithe éagsúil i gceist.

**Cúrsaí gearra**
Bheadh scoláirí in ann roinnt cúrsaí gearra a roghnú i réimsí cosúil le hOideachas Fiontair, Teicneolaíocht na Meán Cumarsáide nó Eolaíocht agus an tSochaí. Tá tús curtha le hobair ar chúrsa gearr a fhorbairt don Oideachas Fiontair. Ní thógfadh cúrsa gearr ach leath den am ranga a thógann ábhar iomlán. Bheadh ócáid mheasúnachta amháin i gceist le cúrsa gearr, mar shampla, scrúdú scríofa nó measúnacht ar líne.

**Aonaid idirthréimhseacha**
Moltar gur 45 uair an chloig a bheadh sna haonaid idirthréimhseacha bunaithe ar mhodúil rathúla idirbhliana atá forbartha cheana féin ag a lán scoileanna a chuireann clár na hIdirbhliana ar fáil.

**Príomhscileanna**
Aithníodh go bhfuil sé tábhachtach go bhforbraíonn scolairí na sraithe sinsearaí sé phríomhscil. D'fhorbrófaí iad sin i ngach ábhar, cúrsa gearr agus aonad idirthréimhseach. Is iad seo a leanas na príomhscileanna:

6

- foghlaim conas foghlaim a dhéanamh
- próiseáil faisnéise
- éifeachtacht phearsanta
- cumarsáid
- smaointeoireacht chriticiúil
- oibrú le daoine eile.

**Bainistíocht foghlama**
D'fhorbródh na scoláirí na scileanna a bheadh riachtanach dóibh i mbainistiú a gcuid foghlama féin toisc go mbeadh níos mó béime ar scileanna in ábhair agus i gcúrsaí gearra, sna modheolaíochtaí a d'úsáidfí sa seomra ranga agus i raon leathan de mhodhanna measúnachta. Thacófaí leis sin trí bhreis béime a chur ar threoir foghlama.

**Measúnacht**
Molann na tograí athbhreithniú ar na modhanna measúnachta a úsáidtear d'ábhair chun a chinntiú go ngabhann siad le haidhmeanna agus cuspóirí na siollabas. Bhainfí úsáid as líon níos mó modhanna measúnachta i réimse iomlán na n-ábhar agus na gcúrsaí gearra. D'fhéadfadh scrúduithe scríofa, béil, cluastuisceana, tionscnaimh, phunanna agus obair chúrsa a bheith orthu sin. Táthar ag smaoineamh ar punanna digiteacha agus measúnacht ar líne a úsáid freisin. Is dóchúil go mbeadh dhá ócáid mheasúnachta i gceist le gach ábhar, ceann ag deireadh an chláir staidéir agus ceann níos luaithe.

**Teastas nua**
Thabharfadh teastas nua oideachais na sraithe sinsearaí cuntas ar ghnóthachtáil an scoláire in ábhair agus i gcúrsaí gearra agus dhéanfadh sé taifid ar AI a bheadh tugtha chun críche aige/aici ar fhágáil na scoile pé acu an bhfágfadh an scoláire an scoil tar éis na chéad bhliana den tsraith (léireodh an teastas na hAI a bheadh déanta agus aon torthaí a bheadh bainte amach i gcúrsa gearr amháin nó níos mó), nó ag deireadh na sraithe.

**Cur i bhFeidhm**
Cuirfear scoileanna agus muinteoirí ar an eolas de réir mar a fhorbraítear na tograí atá luaite anseo agus ullmhófar straitéis forfheidhmiúcháin chun aghaidh a thabhairt ar



shaincheisteanna cosúil le forbairt ghairmiúil, acmhainní, agus faisnéis do mhúinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí.

**Tuilleadh faisnéise**
Tá fáil ar an gcomhairle a cuireadh chuig an Aire Oideachais agus Eolaíochta san Aibreán, *Proposals for the Future Development of Senior Cycle Education in Ireland*, ag www.ncca.ie.





## Próifíl: John Halbert, Oifigeach Oideachais.

**Tá John Halbert ar fhoireann Chorcaí na nOifigeach Oideachais. Cuireann sé go mór leis an gcaint agus leis an gcomhrá gach lá sa CNCM. Caitheann sé trí lá dá sheachtain oibre i gCorcaigh agus tugann sé an dá lá eile i mBaile Átha Cliath, áit a mbaintear go leor taitnimh as a dheisbhéal.**

Rugadh agus tógadh John gar do Ghleann an Phréacháin i gCorcaigh agus d'fhreastail sé ar Choláiste an Chroí Naofa. Bhain sé céim amach sa Choláiste Náisiúnta Corpoideachais i 1979. Chaith sé dhá bhliain ag obair in ionad oideachais faoin aer i gConamara sular bhog sé go Corcaigh chun dul i mbun teagaisc i gColáiste Chríost Rí. Thosaigh sé ag obair leis an CNCM mar Oifigeach Oideachais páirtaimseartha i 1993. Tógadh ar iasacht ón scoil é i 1998 chun comhthionscadal CNCM/ROE a stiúradh agus ansin fuair sé post lánaimseartha leis an CNCM.

Mar Oifigeach Oideachais Iarbhunscoile don Chorpoideachas, chabhraigh John le siollabas athbhreithnithe don tsraith shóisearach a dhearadh, siollabas atá á chur i bhfeidhm i scoileanna le dhá bhliain anuas. Tá baint aige freisin le tionscnamh athchothromúcháin siollabas mar chuid d'athbhreithniú na sraithe sóisearaí, McF, agus athbhreithniú na sraithe sinsearaí.

Ní chuireann éagsúlacht na dtionscnamh a mbíonn baint ag John leo isteach ná amach air. 'Bhí baint agam leis an CNCM ar bhonn páirtaimseartha ar feadh tréimhse fhada agus mar sin bhí a fhios agam céard a bheadh i gceist leis an bpost. Nuair a bhíonn go leor éagsúlachta i do chuid oibre, bíonn dúil agat inti i gcónaí. Ní bhíonn sí mar an gcéanna riamh. Ní maorlathas ollmhór í an CNCM agus fágann sin go mbíonn an deis ann páirt a ghlacadh in a lán gníomhaíochtaí éagsúla nach mbaineann go díreach le hábhar ná le hearnáil ar leith. Is post thar a bheith suimiúil é.'

Tagann cuid de shásamh oibre an phoist ón bhféidearthacht atá ann athrú dearfach a dhéanamh. 'Ag leibhéal amháin - mar shampla an t-athbhreithniú ar an tsraith shinsearach - braithim go bhfuilim páirteach i rud éigin a thabharfaidh athrú mór ar an oideachas. Táimid ag freagairt do riachtanas a chuir daoine in iúl, ach laistigh den phróiseas sin, tá a fhios againn nach féidir an córas a athrú go tapa - agus sin an tslí ar cheart dó a bheith. Tá buanseasmhacht tábhachtach freisin.'

Árdaíonn greann John meanma a chomhghleacaithe agus deir sé go bhfuil go leor foghlamtha aige uathu sin freisin. 'Is taithí iontach é an nós atá againn a bheith ag obair i bhfoirne agus i ngrúpaí - tuigtear dom gur eispéireas cumhachtach agus luachmhar foghlama é. Tá an taithí oibre sin bunaithe ar choláisteacht agus rudaí a roinnt, agus éiríonn leis.'

# Rochtain ar Churaclam na Bunscoile

## Tá sé éasca pleanáil a dhéanamh le leaganacha ar líne agus CD-ROM

**Tá sé beagnach sé bhliana ó fuair múinteoirí an bosca mór sin de dhoiciméid Churaclam na Bunscoile agus is dócha go bhfuil cuma bhriste bhrúite orthu mar thoradh ar an úsáid a baineadh astu agus an aois atá orthu anois. Nó b'fhéidir, cé nár chóir é a lua, nach bhfuil roinnt acu sa bhosca sin níos mó toisc gur thóg comhghleacaithe ar iasacht iad nó gur cailleadh iad ar an mbealach idir an baile agus an scoil agus an fhorbairt ghairmiúil.**

Ná bí tromchroíoch, áfach. An bhfuil a fhios agat go bhfuil rochtain ar na trí dhoiciméad curaclaim is fiche agus gur féidir iad a íoslódáil ó **www.ncca.ie?** Feicfidh tú nasc ar leathanach baile na CNCM leis an láithreán gréasáin Curaclam ar Líne i gcúinne deas an scáileáin. Cliceáil ar an nasc sin agus roghnaigh Curaclam na Bunscoile ón roghchlár anuas.


### An curaclam ar líne mar áis don phleanáil

Trí na comhaid a íoslódáil, is féidir iad a chóipeáil ó na doiciméid churaclaim agus iad a ghreamú i ndoiciméid phleanála. Laghdóidh an fheidhm chóipeála agus ghreamaithe go mór an méid ama a thógfaidh sé pleananna scoile uile agus pleananna don seomra ranga a chur le chéile.

Beifear ábalta cuardach a dhéanamh ar bhonn topaice de réir mar a fhorbrófar an suíomh.

### Cá háit eile ar féidir liom teacht ar dhoiciméid Churaclam na Bunscoile?

Tá CD-ROM idirghníomhach forbartha ag an CNCM le deireanas ar a bhfuil Curaclam na Bunscoile agus na Treoirlínte do Mhúinteoirí as Gaeilge agus as Béarla. Beidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ag scaipeadh cóipeanna chuig na bunscoileanna uile. Bí ag faire amach dó! Tá Curaclam na Bunscoile á athchló i gcóip chrua faoi láthair freisin, agus mar sin, má tá gá le cóip bhreise i do scoil, is féidir é a ordú ón Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath.




# Teanga agus litearthacht i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge ar mheán

Beidh ról nach beag ag roinnt scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán agus iad ag cabhrú leis an CNCM treoirlínte a fhorbairt chun tacú le múineadh agus le foghlaim teanga agus litearthachta i mBéarla agus i nGaeilge i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna. Tá na scoileanna seo á chur ar ár gcumas portráidí nó próifílí a fhorbairt sa bhliain atá chugainn den chleachtas a bhaineann le múineadh teanga agus litearthachta.

Cuirfear na portráidí cleachtais i láthair i bplécháipéis a bheidh mar bhunús do chomhairliúchán ar na saincheisteanna a bhaineann le múineadh agus foghlaim teanga agus litearthachta i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna ag deireadh na scoilbhliana 2005/6.

Tabharfar an obair ar na treoirlínte chun críche agus cuirfear ar fáil do scoileanna iad i ndiaidh an chomhairliúcháin sin. Idir an dá linn, féadfaidh tú súil a choimeád ar dhul chun cinn an tionscnaimh ar ár láithreán gréasáin. Beidh eolas suas chun dáta le fáil air in eagráin eile den Nuachtlitir seo freisin.

# Plé ar theangacha

- Céard é beartas na hÉireann maidir le teangacha san oideachas?
- An ndtugaimid faoi mheasúnú ar thorthaí teagaisc agus foghlama teangacha ar na bealaí cearta?
- Céard a tharlódh dá mbeadh teagasc na dteangacha níos comhtháite agus dá ndéanfaí na teangacha uile a theagasc i ndáil a chéile?
- Céard is féidir linn a fhoghlaim faoi theagasc agus foghlaim na dteangacha i dtíortha eile?

Is iad na ceisteanna seo, chomh maith le ceisteanna eile, croílár an athbhreithnithe ar theangacha san oideachas iarbhunscoile atá á dhéanamh ag an CNCM.

## Gnéithe den Athbhreithniú

Go dtí seo, cuireadh plécáipéis *Teangacha sa Churaclam Iar-bhunoideachais* chuig gach scoil agus is féidir é a íoslódáil ón láithreán gréasáin ag **www.ncca.ie**; rinneadh suirbhé comhairleach (tríd an bpost agus ar líne) agus eagraíodh seimineáir chuiridh. Reáchtáladh na seimineáir sin chun deis a thabhairt d'ionadaithe ar réimse leathan leasa teangacha príomh-shaincheisteanna an réimse sin a chur agus a phlé.

## Céard iad na saincheisteanna atá ag teacht chun cinn?

Áirítear a leanas i measc líon mór na saincheisteanna a tháinig chun cinn:

- Is laige mhór é an easpa 'spáis churaclaim' dírithe ar theangacha, dar leis an bplécháipéis. Molann an phlécháipéis go bhféachaimis ar mhúineadh teangacha ar bhealach níos comhtháite ionas go mbeidh an méid a fhoghlaimíonn scoláirí i réimse teanga amháin nasctha go hoscailte leis an méid a fhoghlaimíonn siad i ranganna teanga eile. Tá sé sin an-ábhartha in Éirinn mar bíonn dhá theanga (Gaeilge agus Béarla) ag formhór ár scoláirí agus iad ag freastal ar an mbunscoil agus foghlaimíonn siad an tríú teanga (agus uaireanta an ceathrú teanga) san iarbhunscoil.
- Tháinig saincheisteanna suimiúla chun cinn maidir le háit na Gaeilge inár scoileanna. Cén fáth a bhfuil an siollabas agus na scrúduithe céanna ann do scoláirí a bhfuil Gaeilge mar mháthairtheanga acu (T1) agus do scoláirí a bhfuil an Ghaeilge mar dhara teanga acu (T2)? Tá roinnt daoine den tuairim nach bhfuil sé sin cothrom ar cheachtar grúpa agus go mba chóir dúinn a bheith ag smaoineamh ar an bhféidearthacht a bhainfeadh le siollabas T1 a chur ar fáil don Ghaeilge.
- Maidir leis na nuatheangacha, bhí cuid mhaith den díospóireacht go dtí seo dírithe ar an tslí a ndéanaimid torthaí foghlama a mheas le scrúduithe. An bhfuilimid ag tástáil na rudaí cearta ar na bealaí cearta? Tá na huirlisí a d'fhorbair Comhairle na hEorpa agus Coimisiún na hEorpa chun tacaíocht a thabhairt do theagasc, foghlaim agus measúnacht teangacha thar a bheith suimiúil: Common European Framework (CEF), Punann an Teangacha Eorpacha (ELP) agus Europass. Is féidir níos mó eolais faoi na hionstraimí seo a fháil ar láithreán gréasáin Chomhairle na hEorpa ag **www.coe.int**.

## Na Chéad Chéimeanna Eile

Seo a leanas roinnt de na céimeanna atá á bplé faoi láthair:

- tionscadal scoilbhunaithe chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhainfeadh le teagasc na dteangacha a chomhtháthú níos mó. Beidh baint aige seo le Gaeilge, Béarla agus teangacha eile
- breis taighde ar an bhféidearthacht a bhainfeadh le siollabas T1 a fhorbairt don Ghaeilge
- athbhreithniú ar na socruithe measúnachta do nuatheangacha chun go mbeidh comhfhreagracht níos fearr idir socruithe, aidhmeanna agus cuspóirí an tsiollabais.

## Breis faisnéise?

Tabhair cuairt ar **www.ncca.ie** áit ar féidir teacht ar an Athbhreithniú ar Theangacha faoi 'Oideachas Iarbhunscoile' ar an gclár ábhar 'Curaclam agus Measúnacht'. Tabharfar an t-eolas suas chun dáta go rialta chun a chinntiú go mbeidh cuairteoirí ar an eolas maidir le forbairtí.

# Measúnacht

D'fháiltigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta le déanaí roimh mholtaí na CNCM teimpléad do chárta tuairisce náisiúnta a sholáthródh eolas ar dhul chun cinn leanaí a fhorbairt, agus tionscnaimh phíolótaigh a bhunú i gcomhar le scoileanna chun dea-chleachtais ó thaobh aistriú eolais ó bhunscoileanna go hiarbhunscoileanna a scrúdú.

Ina freagra ar cháipéis na CNCM, *Assessment in Primary Schools*, d'iarr an tAire ar an CNCM leanúint de threoirllínte phraicticiúla a fhorbairt do mhúinteoirí ar an measúnú chun tacú leis an múineadh agus leis an bhfoghlaim sna seomraí ranga bunscoile. Áirítear orthu seo samplaí d'obair leanaí agus achoimrí ar céard ba cheart a chur ar chumas leanaí a bhaint amach ag gach leibhéal den churaclam.

D'fháiltigh an tAire freisin roimh ár gcomhairle ar thástáil chaighdeánaithe i scolaíocht éigeantach, chomh maith leis an moladh gur chóir do gach leanbh trialacha caighdeánaithe a dhéanamh i litearthacht agus in uimhearthacht ag deireadh rang a haon nó ag tús rang a dó, agus ag deireadh rang a ceathair nó ag tús rang a cúig. Thug sí ar aird gur gá bunobair thábhachtach a dhéanamh sula sonrófaí cathain a thabharfaí an rialachán sin isteach.

Is féidir leat dul chun cinn na dtionscnamh seo a leanúint agus teacht ar *Assessment in Primary Schools* ar ár láithreán gréasáin mar a mbeidh eolas suas chun dáta ar fáil.

# Cur chuige an 'phictiúir mhóir' maidir le hoideachas matamaitice

## Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna tábhachtacha ar shlí chuimsitheach

**An múineann tú an mhatamaitic nó ábhar a bhfuil baint ag an matamaitic leis? Ar shmaoinigh tú riamh ar conas a nascann scoláirí an mhatamaitic a fhoghlaimíonn siad sa bhunscoil leis an méid a fhoghlaimíonn siad ag an dara leibhéal? Nó, go deimhin, conas a nascann siad topaicí matamaitice difriúla a thagann chun cinn in ábhair dhifriúla, nó conas a dhéileálann siad le cur chuige difriúil teagaisc agus foghlama maidir leis an topaic céanna? Má rith na ceisteanna seo leat riamh, beidh suim agat san athbhreithniú ar oideachas matamaitice atá ar bun ag an CNCM.**

### Céard é an t-athbhreithniú?

Is athbhreithniú é ar oideachas matamaitice ag leibhéal na hiarbhunscoile. Ní leasú ar na siollabais atá á phlé againn. Tá mionscrúdú á dhéanamh againn ar an gcineál oideachais mhatamaitice a chuirtear ar scoláirí - cur chuige an 'phictiúir mhóir'. Mar thoradh air sin, beimid in ann aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna tábhachtacha ar shlí chuimsitheach agus má bhíonn gá le leasú siollabas nó nuair a bheidh gá leis, beidh tuiscint mhaith againn ar na cúiseanna ar chóir na hathruithe a dhéanamh agus ar chineál na n-athruithe a bheadh i gceist.

### Cén fáth a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh?

Tá an fhealsúnacht agus an mhodheolaíocht atá á n-úsáid sa mhatamaitic ag leibhéal na bunscoile difriúil ón gcur chuige a bhí ann ag an dara leibhéal go traidisiúnta. Is mar thoradh air sin, b'fhéidir, atá an mhatamaitic ar cheann de na hábhair a mbíonn deacrachtaí ag scoláirí leis agus iad ag dul isteach sa tsraith shóisearach, mar a léirigh taighde a choimisiúnaigh an CNCM agus a rinne an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Cé go bhfuair múinteoirí matamaitice an Teastais Shóisearaigh tacaíocht chun an bhéim i ranganna matamaitice a athrú agus í a chur ar choincheapa agus ar phróisis a thuiscint, ní athrú suntasach é sin i ndáiríre ar an gcineál matamaitice a theagascaítear agus a fhoghlaimítear ag an dara leibhéal. Ní thugann sé aghaidh ach an oiread ar dhearcadh scoláirí, tuismitheoirí agus na sochaí i gcoitinne i leith na matamaitice (mar shampla, glactar leis nuair a deirtear 'Ní féidir liom an mhatamaitic a dhéanamh', ach ní ghlacfaí lena leithéid maidir le formhór na n-ábhar eile).

Ní mór dul i ngleic le ceisteanna níos bunúsaí faoin oideachas matamaitice ag an dara leibhéal agus féachaint ar ábharthacht an oideachais sin i gcomhthéacs an eolais agus na scileanna a bhíonn riachtanach do scoláirí san aonú céad is fiche. Tugann an t-athhreithniú seo an deis dúinn é sin a dhéanamh.

Déantar gearáin phoiblí faoi thorthaí scrúduithe agus líon na scoláirí a 'theipeann' an mhatamaitic, go háirithe san Ardteistiméireacht, gach bliain. Fiú nuair a théann scoláirí a n-éiríonn leo ar aghaidh chuig cúrsaí tríú leibhéal a bhaineann leis an matamaitic, bíonn deacrachtaí ag roinnt acu.

Léirigh measúnachtaí idirnáisiúnta a rinneadh le déanaí cosúil leis an gClár um Mheasúnacht Idirnáisiúnta Scoláirí, nach bhfuil go leor taithí ag scoláirí Éireannacha ar chur chuige matamaitice bunaithe ar fhadhbanna ná ar an tslí ar féidir an mhatamaitic a úsáid i gcomhthéacs an ghnáthshaoil. Tá sé sin fíor go háirithe i gcás na scoláirí le hinniúlacht mhaith matamaitice. Ní mór dúinn a bheith ábalta dúshlán a thabhairt dóibh sin, ach ag an am céanna freastal ar riachtanais na scoláirí a fhaigheann go bhfuil an mhatamaitic dúshlánach go leor mar atá.

### Plépháipéar na CNCM

D'ullmhaigh an CNCM plépháipéar ar oideachas matamaitice iarbhunscoile chun go mbeadh sé níos éasca na saincheisteanna agus a gcomhthéacs a mheas. Foilseofar páipéar a ghabhann leis a phléann treochtaí agus cleachtas idirnáisiúnta san oideachas matamaitice freisin (is féidir an dá phlépháipéar a íoslódáil ónár láithreán gréasáin).

Déanfar comhairliúcháin ar na saincheisteanna a tháinig chun cinn sa phlépháipéar a reáchtáil le grúpaí agus eagraíochtaí éagsúla sna míonna amach romhainn ach fáilteoimid roimh smaointe agus tuairimí ó dhaoine aonair freisin. Beidh eolas suas chun dáta ar fhorthorthaí na bpléanna agus na gcomhairliúchán ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM. Foilseofar tuairisc ar phas comhairliúcháin an athbhreithnithe agus beidh moltaí maidir leis an ngníomh ar chóir a dhéanamh sa todhchaí inti. Beidh deis agat freagairt don pháipéar comhairliúcháin nuair a fhoilseofar é.

# Báite ag na tonnta:

## faoistin mhúinteora nua

Ní chreidim go bhfuil bliain iomlán tharainn ó thosaigh mé ag múineadh. Agus a leithéid de bhliain ildaite a bhí inti - thuas seal, thíos seal! Ach, sula ndéarfaidh mé gur bliain an-chrua a bhí inti, ba mhaith liom a shoiléiriú go bhfuil mé ag tnúth go mór le mo dhara bliain le muinín, fuinneamh agus díograis.



An t-am seo anuraidh, áfach, caithfidh mé a admháil go raibh mé sceimhlithe ag a mhalairt de mhothúcháin. Bhí mé thar a bheith neirbhíseach mar gheall ar an siollabas, ranganna, cláir agus scoláirí nach raibh ar m'eolas go fóill. Mhothaigh mé nach raibh mé ullmhaithe ar chor ar bith, fiú agus bliain caite agam leis an ADO (nó b'fhéidir gur beaichte a rá go háirithe i ndiaidh bliana ag dul i ngleic leis an ADO!). Bhraith mé gur isteach sa domhain mhór a bhí mé á chaitheamh, agus anuas ar sin, ní raibh muinín ar bith agam i mo chumas sa seomra ranga - tonn mhór an amhrais an toradh a bhí air seo. Mharcaigh mé an tonn sin ar feadh tamaill mhaith, mar óinseach, gan a ligean orm le haon duine go raibh mé ar tí báite. Rinne mé iarracht mo bhealach féin a threabhadh mar shíl mé gurb é sin ba dhual dom, agus níor theastaigh uaim go bhfaigheadh duine ar bith amach nach raibh gach rud ar m'eolas. Níor theastaigh sin! Nochtadh an fhírinne dom nuair a thosaigh mé ag cur ceisteanna.

Níor theip riamh ar mo chomhghleacaithe cuidiú liom agus mé a spreagadh, go háirithe na daoine ba shine agus ba chríonna. Cheap mé uaireanta gur ceisteanna fíorbhunúsacha, leadránacha a bhí á gcur agam orthu ach chaith siad i gcónaí le gach iarratas ar chomhairle amhail is dá mbeifí ar tí rúndiamhair a nochtadh. Lena gcuidiú siúd, d'éirigh liom, de réir a chéile, tuiscint a fháil ar an gcuraclam, ar an dá shiollabas agus ar na scoláirí gan mórán trioblóide.

Measaim gurb í seo an chomhairle is tábhachtaí a thiocfadh liom a thabhairt don té a bheadh ag tosú amach ag múineadh - ná bíodh faitíos ort cuidiú a iarraidh. Tá aiféala orm nár thuig mé sin ón tús. Thug na múinteoirí ba mhó muiníne, cumais agus ábaltachta le fios dom gur mhothaigh siad díreach mar an gcéanna nuair a thosaigh siadsan, agus i gcásanna, i bhfad ní ba mheasa ná mé!

Nuair a thagann tú isteach ar chuidiú a lorg, bíonn craic ar dóigh ar scoil. B'í an chuid ab'fhearr den bhliain ná aithne a chur ar na scoláirí, cailíní iontacha a bhfuil sé de phléisiúr agam iad a mhúineadh. As siocair nach bhfuil aon mhaith ionam ag ligean orm gur duine scanrúil mé, rinne mé neamhaird den chomhairle, 'ná déan miongháire go dtí an Nollaig'. Chuir mé mo mhuinín i ndea-nádúr na gcailíní agus bhí mé mar atá mé. B'fhiú go mór é sin agus mholfainn d'aon mhúinteoir eile atá ag tosú an aghaidh fhidil a bhaint de/di.  Bí mar atá tú.

Cúitíodh luach mo shaothar liom nuair a chonaic mé na scoláirí ag forbairt agus ag bláthú ó thaobh a muiníne agus a mbuanna de. Mhéadaíodh ar mo phléisiúr go mór aon uair a bhraith mé go raibh mise freagrach as. Ba mhór an tairbhe agus an spraoi a bhain mé as turais scoile agus as am a chaitheamh leo lasmuigh den seomra ranga. Chur sé iontas orm a chosantaí agus a bhródúla is a bhí mé ina leith.

Mar fhocal scoir, an bhfuil mé sásta gur múinteoir mé? TÁ, gan amhras ar bith! Bíonn gáire agam gach lá sa phost seo, agus sin an cineál poist a dteastaíonn uaim filleadh air agus mo chroí a chur isteach ann.



**Tá Aoife McArdle ag múineadh Béarla agus Iodáilise i gColáiste Bríde, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.**

## Roinn do thuairimí linn...

Táimid ag súil le litreacha, moltaí, ailt agus ceisteanna ó mhúinteoirí d'eagráin de **info@ncca** sa todhchaí agus tá spás curtha ar leataobh againn dóibh sa chéad eagrán eile.

D'fhéadfaí glacadh leis seo mar dheis chun:

- a rá linn cad iad na hábhair ba mhaith leat a fheiceáil sa chéad eagrán eile
- ár láithreán gréasáin a mholadh go hard na spéire, nó a insint dúinn go bhfuil tú ag dul as do mheabhar ag iarraidh teacht ar an eolas atá uait.

*Cibé dóigh a n-amharcann tú ar an scéal, is deis é.*

Glacfar go fonnmhar le gach comhfhreagras tríd an ríomhphost chuig: **newsletter@ncca.ie**
 trí fhaics: 01 6617180,
nó tríd an tseirbhís phoist chuig:
**An tEagarthóir, info@ncca**
**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta,**
**24 Cearnóg Mhuirfean,**
**Baile Átha Cliath 2.**

Design by Red Dog